(12) Rinne an Coimisiún athbhreithniú domhain ar an Ísiltír faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 agus d'fhoilsigh sé a thorthaí an 24 Bealtaine 2023. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha san Ísiltír. Go háirithe, is ann fós do leochaileachtaí a bhaineann le leibhéil arda fiachais phríobháidigh agus barrachas mór sa chuntas reatha, a bhfuil ábharthacht trasteorann ag baint leo, in ainneoin go bhfuil roinnt comharthaí ann go bhfuil laghdú ann. Tá farasbarr sa chuntas reatha, in ainneoin na n-athbhreithnithe a rinneadh ar shonraí le déanaí, agus fiachas príobháideach mór i gcomparáid le caighdeáin idirnáisiúnta agus tá siad os cionn bhunphrionsabail an gheilleagair. Tháinig laghdú ar fharasbarr mór sa chuntas reatha in 2022, mar gheall ar théarmaí trádála atá ag dul in olcas, agus an cuntas reatha ag méadú i bpraghsanna tairiseacha, agus méadú ar an easnamh in ioncaim phríomhúil. Agus feabhas á chur ar théarmaí trádála, táthar ag súil go dtiocfaidh méadú mór ar an mbarrachas in 2023 agus go gcobhsóidh sé in 2024. Tá dul chun cinn teoranta déanta ó thaobh beartais de ach is gá níos mó a dhéanamh chun bacainní ar infheistíocht a laghdú. Tá fiachas corparáide neamhairgeadais agus teaghlaigh fós ard: is ábhar imní níos mó é an dara ceann toisc go bhfágann sé go bhfuil teaghlaigh i mbaol suaití, agus go bhfuil na rioscaí sin níos measa mar gheall ar róluacháil praghsanna tithe atá ard agus ag dul i méid. Amach anseo, táthar ag súil go leanfaidh an fiachas ar aghaidh ar bhealach íslitheach. In ainneoin praghsanna tithe a bheith ag titim go measartha, tá brú fós ar an margadh tithíochta, go háirithe ós rud é go bhfuil tógáil tithíochta nua go mór faoi bhun spriocanna an rialtais. Ag an am céanna, leantar d'fhóirdheonú a dhéanamh ar úinéireacht tí arna maoiniú ag fiachas trí chánachas fabhrach, agus tá an baol ann go mbainfidh beartais maidir leis an margadh príobháideach cíosa an bonn dá fhorbairt.

(13) De réir sonraí arna mbailíochtú ag Eurostat, tháinig laghdú ar chomhardú bhuiséad rialtas ginearálta na hÍsiltíre ó easnamh 2.4 % de OTI in 2021 go dtí buiséad comhardaithe in 2022, agus thit ollfhiachas rialtais ó 52.5 % de OTI ag deireadh 2021 go 51.0 % ag deireadh 2022.

(28) Mar thoradh ar an ardú tapa atá ag teacht ar phraghsanna tithe le blianta beaga anuas, tá margadh tithíochta ró-luachmhar ann. Mar sin féin, agus na dálaí airgeadais ag éirí níos doichte, shroich an margadh tithíochta cor cinniúnach i lár 2022 de réir mar a thosaigh praghsanna tithe ag laghdú mar fhreagairt ar rátaí úis morgáiste a ardú. Tá fiachas morgáiste i gcoibhneas le OTI fós ard san Ísiltír, de réir caighdeáin idirnáisiúnta. Tá sé seo bunaithe ar theorainneacha iasachta réasúnta ard (iasacht go luach) agus faoiseamh suntasach cánach ar íocaíochtaí morgáiste. Cé go bhfuil an in-asbhainteacht cánach úis morgáiste á laghdú de réir a chéile, tá sé fós ard. Mar gheall ar an bhfiachas ard teaghlaigh a eascraíonn as sin, tá teaghlaigh leochaileach do thurraingí eacnamaíocha, rud atá thar a bheith ábhartha anois go bhfuil méadú tagtha ar an mbaol go ndéanfaí praghsanna tithe a cheartú. Ag an am céanna, tá an margadh cíosa príobháideach sách beag, agus mar thoradh air sin tá soláthar teoranta roghanna malartacha atá inacmhainne agus atá ar fáil seachas teach a cheannach. Baineann an easpa tithíochta inacmhainne ar cíos an bonn ó shoghluaisteacht an lucht saothair freisin. Trí dheireadh a chur le bacainní atá ag coinneáil siar infheistíochtaí faoi láthair, lena n-áirítear infheistíochtaí san earnáil tógála cónaithe, d’fhéadfaí deis a thabhairt don rialtas a phleananna a chur i gcrích maidir le méadú ar an soláthar tithíochta agus, dá bhrí sin, d’fhéadfadh sé cur le hathchothromú seachtrach chomh maith le feidhmiú níos fearr an mhargaidh tithíochta.

(32) Tá sciar na fostaíochta solúbtha (idir oibrithe ar chonarthaí solúbtha agus sealadacha agus daoine féinfhostaithe nach bhfuil fostaithe acu) fós ard san Ísiltír. Léiríonn sé sin go bhfuil riosca méadaitheach ann maidir le deighilt i margadh an tsaothair, agus go háirithe éifeachtaí saofa ar chorrlaigh mhargadh an tsaothair. Is féidir leis sin éagothroime i ndáil le deiseanna a mhéadú agus cur isteach ar an táirgiúlacht. Is féidir le solúbthacht áirithe sa mhargadh saothair cur le hinoiriúnaitheacht an gheilleagair agus d'fhéadfadh sé freastal níos fearr ar roghanna aonair freisin. Mar sin féin, d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag an úsáid iomarcach cineálacha solúbtha fostaíochta ar oibrithe agus ar an ngeilleagar i gcoitinne. Mar shampla, is dúshlán é rannpháirtíocht san oiliúint agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil dóibh siúd a bhfuil socruithe solúbtha fostaíochta conartha acu, agus dá réir sin laghdaítear infheistíocht i scileanna. I gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, tá sé beartaithe ag rialtas na hÍsiltíre aghaidh a thabhairt ar na difríochtaí idir socruithe oibre buana agus solúbtha. Áirítear sna pleananna deireadh a chur le conarthaí uaireanta nialasacha, cineál nua conartha lena soláthraítear breis slándála ioncaim d'oibrithe a chur in ionad conarthaí maidir le huaireanta ar glao-dhualgas mar atá siad faoi láthair, agus feabhsuithe ar shlándáil poist oibrithe gníomhaireachta sealadacha. Beidh sé tábhachtach dul chun cinn tapa a dhéanamh maidir leis na pleananna sin a chur chun feidhme chun a áirithiú go mbeidh an rogha maidir le cineál áirithe conartha fostaíochta bunaithe ar riachtanais a bhaineann go sonrach le post nó ar roghanna na sealbhóirí poist, agus, ag an am céanna, feabhas a chur ar fhostaíocht agus ar staid shóisialta daoine i bhfostaíocht sholúbtha agus deighilt i margadh an tsaothair a laghdú.

(33) Bhí ganntanas lucht saothair agus scileanna ina ngné de mhargadh saothair na hÍsiltíre cheana féin roimh phaindéim COVID-19, ach tá siad ag éirí níos forleithne ó shin i leith. Tá ganntanais struchtúracha roimh earnálacha mar shampla teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC), cúram sláinte, oideachas agus poist theicniúla, a bhí ann cheana roimh phaindéim COVID-19 agus a bhfuiltear ag súil go leanfaidh siad ar aghaidh, mar gheall ar fhorbairtí déimeagrafacha i bpáirt. In ainneoin ráta ard rannpháirtíochta ar an iomlán, tá líon oibrithe ionchasacha neamhshaothraithe agus tearcúsáidte fós ag an Ísiltír, mar shampla daoine de bhunadh imirceach agus iad siúd atá ag obair i bhfostaíocht pháirtaimseartha. Nuair a bhíonn siad i bpost páirtaimseartha, roghnaíonn beagán fostaithe a n-uaireanta oibre a mhéadú. Is féidir é sin a mhíniú go páirteach leis na rátaí cánach imeallacha arda, leis na hoibleagáidí (nó leis na hoibleagáidí a bheidh ann amach anseo) a bhaineann le cúram neamhfhoirmiúil leanaí nó baill teaghlaigh eile agus/nó le cáilíocht na cothromaíochta oibre agus saoil. Chun dul i ngleic le ganntanas lucht saothair agus scileanna, beidh sé riachtanach cur chuige cuimsitheach a ghlacadh, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar riachtanais agus bacainní earnáilsonracha agus ar infheistíocht chun táirgiúlacht a fheabhsú. I ndáil leis an méid sin, d'fhéadfaí meascán beartas a mheas, lena bhféadfaí an méid seo a leanas a chur san áireamh: (i) an ráta cánach imeallach a laghdú a thuilleadh agus/nó trédhearcacht an ráta cánach imeallaigh atá os comhair daoine aonair a fheabhsú; (ii) pá a mhéadú in earnálacha ina bhfuil ganntanais struchtúracha, go háirithe sna hearnálacha sin ina bhfuil comhchruinniú fostóirí poiblí agus leathphoiblí; (iii) cáilíocht na hoibre agus na cothromaíochta oibre is saoil a chur chun cinn; (iv) gairmthreoir a fheabhsú; agus (v) rochtain ar chúram leanaí ar ardchaighdeán agus ar phraghas réasúnta a fheabhsú. Ina theannta sin, trí dheiseanna uas-scilithe nó athscilithe a neartú trí bhearta spriocdhírithe agus saincheaptha, go háirithe dóibh siúd atá ar imeall mhargadh an tsaothair agus ar imeall an mhargaidh saothair, d'fhéadfaí cabhrú chun ganntanais lucht saothair agus scileanna a mhaolú agus torthaí sóisialta a fheabhsú.

